**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2010 (22.11)**
**(OR. en)**

**17090/11**

**LIMITE**

**FISC 147**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ó: | An Ardrúnaíocht |
| Chuig: | Coreper |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Tuarascáil don Chomhairle ón Meitheal um an gCód Iompair<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Samhain 2011, tháinig an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) ar chomhaontú maidir lena tuarascáil don Chomhairle (ECOFIN) mar a leagtar amach in 17081/11 FISC 144 í agus maidir leis an bPacáiste Oibre 2011 atá san Iarscríbhinn a ghabhann lena tuarascáil.

2. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach na Meithle na dréacht-Chonclúidí seo a leanas ón gComhairle ar aghaidh:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

- fáiltíonn sí roimh an dul chun cinn a chuir an Mheitheal um an gCód i gcrích le linn Uachtaránacht na Polainne mar a leagtar sin amach ina tuarascáil (17081 FISC 144).

- iarrann sí ar an Meitheal tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar aon chúinse a fhanann gan leasú agus ar chur i bhfeidhm an rollta siar;

- formheasann sí Pacáiste Oibre 2011 de chuid na Meithle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad 17081/11 FISC 144 agus iarrann sí ar an Meitheal tosú ar an bPacáiste Oibre seo le linn Uachtaránacht na Danmhairge;

[- spreagann sí an Coimisiúin chun leanúint den chaibidlíocht le tríú tíortha mar a leagtar sin amach i dtuarascáil na Meithle agus chun an Mheitheal a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn;]

- iarrann sí ar an Meitheal tuairisc ar a cuid oibre a chur faoi bhráid na Comhairle faoi dheireadh Uachtaránacht na Danmhairge."

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- an tuarascáil (17081/11 FISC 144) agus an Pacáiste Oibre 2011 (Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil) a chur ar aghaidh chuig an gComhairle;

- na dréacht-Chonclúidí thuas a chomhaontú agus a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle iad mar ítim "A" ar a clár oibre.

___